

André Looijenga

An Traein go Monastir



**arna aistriú go Béarla ag Trevor Scarse agus go
Gaeilge ag Séamus Mac Conmidhe**

focaileile
|||||



oarewurden
|||||

André Looijenga

An Traein go Monastir

Búdaipeist → Béalgrád

Taispeánann ceann de na scannáin is sine dá ndearnadh sa Mhacadóin cuairt an tSabhdáin Mehmed V Reşad go Bitola, ar ar tugadh Monastir go fóill ansin. Sna frámaí léimneacha dubha agus bána is féidir leat comhluadar fear uasal a fheiceáil a bhfuil caipíní turcacha orthu ag spaisteoireacht os comhair an stáisiúin traenach. Osclaíonn an doras agus tagann fear téagartha a bhfuil an chulaith dhorcha chéanna air, le caipín turcach ar a cheann agus marc-chlaíomh ar crochadh dá thaobh, ag glanadh bealaigh lena theacht i láthair as féin. Tar éis beannú don ghrúpa téann an sabhdán isteach i gcóiste oscailte, léimeann gearradh sa scannán agus ansin tá an sabhdán timpeallaithe ag daoine mór le rá ar chéimeanna arda.

Bhí seo in 1911 nuair nach raibh i Mehmed V ach puipéad ag junta míleata. Ag breathnú siar ba é an chamchuairt seo ag Cailif Ioslam / Ceannasaí na gCreidmheach / Sabhdán na hImpireachta Otamánaí / Impire na Róimhe / Airíoch na Dá Mhosc Naofa etc. etc. caochaíl dheireanach réim na nOtamánach ar oirdheisceart na hEorpa. An bhliain ina dhiaidh sin rinne comhghuaillíocht d'iarvasáilligh Cheartchreidmhigh an Oirthir ionradh ar chuid Eorpach na Tuirce, a bhí i sáinn i gcoimhlint chathartha. Cuid amháin den chomhghuaillíocht ba iad na Seirbiaigh, a ghnóthaigh go maith gar do Üsküp agus Monastir – ag breathnú siar ba é seo ba chionsiocair le Poblacht na Macadóine timpeall ochtú bliain ina dhiaidh sin. Tharraing seo na teorainneacha go garbh, teorainneacha a líníodh le peann agus ar tógadh coincreít agus sreang dheilgneach orthu níos faide anonn sa chéad.

Bíogann luasghéarú na traenach mé de phreab as mo chodladh. Feidhmíonn gliogarnach na rothaí agus na n-acastóirí iarainn ar dhroichead fada iarainn mar chlog rabhaidh, nóiméad nó mar sin tar éis dom múscailt. Ba é sin an Danóib is dócha, dar liom, mar sin caithfidh go bhfuilimid tar éis Novi Sad a fhágáil díreach anois. Lonraíonn solas ó thaobh thiar de na cuirtíní. Daite. Is mian liom éirí, amach as an leaba shuíocháin chúng seo. Déanaim mé a lúbarnaíl amach as an mbunc íochtair, cuirim orm mo bhróga agus sleamhnaím go ciúin trí dhoras an chábáin. Sa dorchla cúng tá an radharc glé-ghlas, tarraingim anuas fuinneog: Análaím isteach an mhaidin shamhraidh agus smaoiním, sea, seo mar a thosóidh mé mo dhialann traenach go Bitola.

Le hath-hiodráitiú slogaim deireadh na dí sóide ón Ostair a bhí agam aréir, a bhfuil blas líomóide agus beorach stálaithe uirthi. Ólaim mo shúile tuirseacha isteach na chéad léargais de chúlchlós na Seirbia ag rolladh thar bráid. Crainn a bhfuil sraitheanna de dhuilleoga aisteacha ar a mbrainsí. Cathair bheag ina bhfuil stáisiún traenach ar dhath an bhradáin, millte le graifítí. Tá fear ina shuí ar bhinse adhmaid shíonchaite faoi starradh ar phostaí donna scealptha; tá bean ag fanacht ar an ardán atá ag imeacht ina smionagar. Инђија an t-ainm atá air: *Indija* – agus d'fhéadfadh cuma mar seo a bheith ar an India luath ar maidin, samhlaítear dom. Ansin tá tithe, sciobóil, agus sceacha rábacha. Túir bhána eaglaisí barócacha. Seo Vojvodina fós, ar ndóigh, an chuid thuaisceartach den tSeirbia, dúiche, tráth, ar theorainn dheisceartach na Hapsburgach.

Timpeall a haon a chlog ar maidin músclaíodh mise freisin. Scrúdú pasanna. Ag teorainn an AE

sheiceáil péas na hUngáire na cábáin ceann ar cheann. Ar a n-éide bhí armas an chúige, ina bhfuil husár le simeatár ar thaobh amháin agus Turcach dícheannta ar an taobh eile. Ansin fuaim doirse ag dúnadh, cúpláin ag gliogarnach: clós traenach le cuailí solais a dhathaigh an oíche buí ime. Téann póilín Seirbiach ó dhoras go doras ag stampáil na bpasanna.

Tagann fuaimeanna doirse ag oscailt agus ag dúnadh ó níos faide agus níos faide ar shiúl, in éineacht le scairteanna ag tabhairt treoracha. Thar an thairseach tá sé ag fanacht sa dorchla, mar chuid den oíche atá ag tosú ag géilleadh slí do bhreacadh an lae.

Ní thaistilíonn aon duine gan bhagaíste. Iompraíonn gach duine a thnúthán nó a tnúthán féin leo, a n-eispéiris roimhe seo ina málaí droma, agus a gclaontachtaí ina gcásanna.

A fhad is a bhain sé liomsa b'ionann an Iúgslaiv agus an cogadh a d'fhág rian níos mó orm ná aon chogadh eile ó nuacht na teilifíse. Bhí mé naoi nó deich nuair a thit an Iúgslaiv as a chéile mar gheall ar an gcogadh cathartha. Bhí mé ag aois ní hamháin a dtosaíonn tú a thuiscint ó chian an domhan thart ort, ach a dtosaíonn tú freisin ag cur aithne ar na difríochtaí agus na teannais bheaga sa domhan. Faoi dheireadh ba é an cineál sin linbh mé. Chuir na rudaí a d'inis Nuacht na bPáistí dom, faoi conas a bhí na Seirbiaigh, na Crótaigh agus na Moslamaigh ina gcomharsana ag a chéile díreach tamall ó shin, ina luí orm go bhféadfadh go díreach difríochtaí beaga idir comharsana a bheith ina gcúis le scoilteanna marfacha. I ndrochbhrionglóidí shamhlaigh mé mo shráidbhaile sa Fhreaslainn lena chonamar caolchúiseach ach inbhraite de ghrúpaí creidimh. An t-idirdhealú ab amaidí – mar shampla, gur bhraith sé níos fearr go raibh eaglais againn le seantúr mór agus fuinneoga beannacha, le ministir i róba dubh agus bairéad – ní raibh sin ina fhianaise siúd níos éadoimhne ná na siosmaí teibí ba chúis le díláithriú, ionsaithe sliogán mótair agus daoine ar iarraidh san Iúgslaiv. Bhí tírdhreach na hIúgslaive a taispeánadh ar an teilifís fiú inaitheanta: bhí na cnoic faoi choillte chosúil leis an nGearmáin a raibh mé eolach uirthi ó laethanta saoire. Tá mé ag stánadh amach as fuinneog na traenach agus feicim tithe cearnógacha comhchosúla ar a bhfuil díonta cothroma dearga smolchaite gan bhallaí binne, le brící leathchríochnaithe i bhfrámaí coincréite.

Tá sé fós ciúin sa dorchla. Tá fiú na hUngáraigh fós ina gcodladh sa chábán in aice le mo cheannsa.

Aréir timpeall a deich a chlog d'athraigh mé i mBúdaipeist-Ferencváros, ó thraein Vín go Búcairist, ionas go bhféadfainn an traein seo a fháil. Ba mhó de chlós traenach Ferencváros ná stáisiún: spás folamh coincréite le ráillí iarnóid. Bhí fear óg ann freisin ón tSeirbia, a bhí ag obair san Ungáir ar fheirm mhuc agus a bhí anois ag imeacht leis ar ais go Bačka Topola, roimh dhul chun na Danmhairge i gceann seachtaine nó mar sin. Ansin bhí an tuarastal míosúil as muca a bheathú ceithre oiread níos airde ná mar a bhí san Ungáir, le hoiliúint 'tréidliachta' agus Béarla cuibheasach. Chuaigh traein lastais thar bráid. Ansin tháinig inneall gluaiste ag feadaíl timpeall an choirnéil, an traein go Béalgrád ag teacht inár dtreo ag luasmhoilliú. Thug mé sracfhéachaint thapa ar mo thicéid, dúirt go deifreach "go dté tú slán" agus d'imigh ag bogshodar le mo chás go dtí an carráiste ar a raibh m'uimhir.

Tharraing mé mé féin ar bord agus streachail mé chun tosaigh ag lorg mo leapa suíocháin. Bhí sí gafa cheana ag ceithre chailín ón bhFrainc. Tháinig an stiúrthóir traenach isteach chomh maith, ag tús a sheala oibre, agus thaispeáin mé mo thicéid dó. Rinne duine de na mná iarracht an scéal a mhíniú. Shín an stiúrthóir traenach a lámh amach le mo thicéid a ghlacadh, gan ach Seirbis á labhairt aige. Bhí callán ard ag teacht ón gcéad chábán eile. Nuair a nocht dhá Ungárach ar meisce ba léir cén fáth nach raibh beirt de na cailíní Francacha ag iarraidh dul isteach leo sa chábán sin. Arbh fhéidir áiteanna a mhalartú? Ní féidir, seo mo shuíochánsa, a d'áitigh mé. Theastaigh mo

thicéid ón stiúrthóir traenach, a dúirt sé níos airde i Seirbis. Choinnigh mé greim orthu; seo mo shuíochánsa, mo chuidse ticéad. Fós féin, níorbh fhéidir liom na cailíní a fhágáil leis Hunaigh; mar sin, dúirt mé, “is féidir leis an gceathrar agaibh fanacht sa chábán seo.” Choinnigh an stiúrthóir traenach a lámh in airde go dtí gur tháinig fear a raibh Béarla aige thar bráid agus dúirt seisean: caithfidh tú do chuid ticéad a thabhairt don stiúrthóir traenach, gheobhaidh tú ar ais amárach iad – ligeadh isteach i mo chábán mé. Mic léinn mhalairte Erasmus ab ea iad na cailíní, i mBúdaipeist ar thuras deireadh seachtaine. Níor thuig siad Béarla rómhaith, mar sin d’athraigh mé go cúirtéiseach go dtí an Fhraincis mhalltriallach a bhí ar mo chuimhne ón scoil.

Leis sin lean siad ar aghaidh ag caint le chéile sa tSínis sin is gnáthchaint fhaiseanta na Fraincise ann. Ag gearán faoin gcomhluadar nach mbeadh acu bhí na Maigiaraigh ag geabaireacht sa dorchla, ach d’fhan doras ár gcábáin dúnta. Rachadh scríbhneoir taistil níos fearr ná mise le comharsana mar iad le haghaidh deochanna, fiú tar éis lá taistil chomh fada sin. Ach bhí mé spíonta. D’oslaíomar na buncanna de phlimp; is féidir le ceithre chailín Fhrancacha luí go deas i dtrí leaba.

Táim fós ag méanfach. Páirceanna de ghrán buí. Acraí de leannlusanna ina sreangáin. Cluinim scuabáil cos taobh thiar dom. Caithfidh duine den dá Ungárach dul chuig an leithreas. ‘Jó reggelt!’ a deirim, ag beannú dó ina theanga féin. Tá iontas ar an bhfear agus deir sé rud éigin de mhonabhar ar ais.

Tá cuma athlámhe ar an tSeirbia. Anois agus arís is cosúil le slumaí na tithe taobh leis an iarnród. Ansin tagann István agus István beirt os mo chomhair, le haghaidheanna ceisteacha agus ceisteanna in Ungáiris. Taispeánann siad dom cártaí beaga plaisteacha smolchaite de chuid iarnród na hUngáire. Tá mo ghiotaí *magyarul* mar a bheadh fáinne tarrthála dóibh. ‘Nem értem,’ a deirim, ag gabháil leithscéil. Táimid beagnach i mBéalgrád. Tagann asphrionta sa radharc, liosta de logainmneacha a chríochnaíonn in Burgas: gach stáisiún meánach go dtí cósta na Bulgáire go dtí an Mhuir Dhubh. Deirim nár chóir dóibh imeacht den traein anseo in Nov Beograd, ach athrú ag an bpríomhstáisiún. Tríd an bhfuinneog feicim beirt de bhunadh na hÁise Thoir a d’imigh ón traein, ag siúl go fánach lena gcásanna móra ar an ardán iar-apacailipsise, a fhad is go n-imíonn an traein léi arís.

Beograd → Niš

Níl i stáisiún lárnach Bhéalgrád ach radharc stáitse. Tá an foirgneamh, atá ag ceann roinnt ráillí, i gcruth L agus péinteáilte buí mustaird salach, atá ina iarsma gan amhras den na 1800aidí. Níl aon rud á choinneáil le chéile ach téip. Is cosúil gur tógadh é mar chuid de sheit scannáin, agus nuair a críochnaíodh an scannánaíocht sna caogaidí fágadh na haisteoirí breise. Agus iad sean anois tá siad ina suí ar na binsí lena mbagáiste i málaí plaisteacha. Is iad na traenacha páirceáilte amháin a choinníonn an seachmall beo go bhfuil taisteal indéanta.

Meancóg a bheadh ann a rá go raibh an t-am ina stad anseo. I stáisiún i mBéalgrád tá an t-am ag rith siar.

Níl aon chlár fógraí ann ach an oiread ag insint cén t-am agus cén áit a bhfuil na traenacha ag imeacht. Ar na hardáin tá cláir atá in ainm is na ceanna scríbe a thaispeáint, ach tá siad as feidhm le fada an lá. “Cén áit a bhfuil an traein go Skopje?” – “In aice leis an gceann go Sóifia, thall ansin.” – Siúlaim taobh le carráiste ó Chathair Pheadair, ansin ceann ó Mhoscó. “Skopje?” – “Njet, Sofia.” – Tá cúpla stiúrthóir traenach ina seasamh ag tús an ardáin. Labhraíonn duine acu Gearmáinis. “Nach

Skopje?” – “Nein.” Breathnaíonn sé ar mo thicéid agus mearbhall air: “Ihre Fahrkarten sind in Ordnung. Aber Zug fährt nicht. Nächste Woche fährt.” Ach is féidir liom an traein a ghlacadh go Sóifia agus dul go Niš, atá leath bealaigh go Skopje. Uaidh sin is féidir liom bus a ghlacadh go Skopje. Is ábhar inní é mo cheann scríbe deiridh, Bitola, amárach.

Lean István agus István mé go dtí an traein. Thaispeáin mé do na hUngáraigh an carráiste dara grád le ‘София’ scríofa air. Tugann siad comhartha dom teacht leo. Ach chuir an stiúrthóir a raibh Gearmáinis aige mé i dtreo an charráiste chéad ghrád, mar a suím de phlab go sona sásta ar cheann de na binsí sómasacha folmha. Inniu ní Eoraip ar dhá luas a bheidh sa traein seo, ach domsa is Eoraip ina bhfuil dhá aicme éagsúla traenach a bheidh ann. Díreach in am imíonn an traein. Tá brat urláir bog sa charráiste, tá spásanna leathana idir na binsí; baineann cuid de na paisinéirí díobh a mbróga láithreach.

Tá sé mar a bheimis taobh amuigh de Bhéalgrád láithreach. Is féidir seancharráistí briste de chuid chomhlachtaí an Iar-Iúgslaiv a fheiceáil ar feadh an bhealaigh. Breathnaíonn sé go bhfuil toim ollmhóra tar éis seilbh a ghlacadh den tuath. Ar bharr an smionagair tá bláthanna ag fás faoi gach aon dath. Is cosúil gurb é an traein idirnáisiúnta seo go Sóifia an t-aon cheann atá ag feidhmiú ar an stráice seo – céim ar sheanbhealach an Orient Express. I sráidbhailte ina bhfuil carranna clúdaithe le dusta den déanamh zastava ag fanacht taobh leis na ráillí agus mná gléasta in éide ghorm ríoga ag feidhmiú mar ceannairí stáisiúin, tagann seandaoine ar bord an charráiste chéad ghrád, díreach le himeacht arís cúpla stad níos faide ar aghaidh.

Díreach romham tá fear ina shuí agus é ag caitheamh tobac agus ag caint ar a ghuthán. Ar a laghad tá sé ag caitheamh agus an fhuinneog ar oscailt. Tar éis gach glao cheapfá ag éisteacht leis go bhfuil níos mó agus níos mó feirge air. Díreach mar a rinne sé níba luaithe lena bhróga, baineann sé de a stocaí anois agus lasann sé feaig. Tá sé ag stialladh nuachtán agus caitheann sé na píosaí amach ar an bhfuinneog; eitlíonn siad timpeall i ndiaidh na traenach. I mbaile beag ar an mbealach tá fear ina sheasamh ar an ardán ag béicíl agus ag mallachtach ar an bpaisinéir. Imíonn an traein léi, luíonn an paisinéir síos ar an mbinse sómasach agus titeann ina chodladh.

Buaileann a ghuthán roinnt uaireanta, ach ní fhreagraíonn sé é níos mó.

Tar éis sráidbhaile Stalac tiomáinimid isteach i ngleann caol, alt. Ní ritheann fiú bóthar gan tarra taobh leis na ráillí a thuilleadh. Is í an traein an t-aon trácht innealta i dtírdhreach de chluainte, gabháltais bheaga feirme, coillte agus an abhainn. Tá beirt bhan bheaga chromtha in éadaí dorcha ag siúl ar chosán i dtreo na bpáirceanna. Ag mainistir bheag atá plástráilte bán le séipéal cruinneachánach agus cloigtheach is beag nach dtiomáineann an traein tríd an ngairdín. Tá sé mar a bheifeá ag breathnú ar na meánaoiseanna ag imeacht thart ó fhuinneog na traenach.

Faoi dheireadh stadann an traein in Niš, cathair de mhonarchana coincréite a bhailíonn dusta, is cosúil, amhail is go raibh siad á gcoinneáil in áiléar salach feirme. Is cosúil go bhfuil mé i lár clóis traenach. Siúlaim ar an ghairbhéal atá ar dhath meirge. Tá sé te meirbh i lár an lae. Déantar an t-inneall a dhíchúpláil agus tiomáintear é síos go ceann eile an chlóis. Breathnaím an bailiúchán randamach carráistí agus é ag déanamh a bhealaigh go Sóifia. Tá foirgneamh stáisiún Niš cosúil le cineál de bhuncar liath, ligeann sé do na paisinéirí a thagann isteach imeacht leo le croitheadh guailí. Aimsím mo bhealach go dtí an stáisiún bus, sraith de choimeádáin leoraí taobh le príomhbhealach, le hoifig thicéad agus siopaí ceapaire. Beidh sé beagnach trí uair an chloig sula dtiocfaidh an bus go Skopje.

Le mo thicéad i mo phóca imím liom go páirc agus suím taobh le gaiséabó faoi scáth, ag baint taca

as. Tá eaglais bhán nua-thógtha ann, Sveta Petka. Anois agus arís tagann duine éigin amach nó téann duine éigin isteach san eaglais: lasann siad coinnle i mboscaí dubha taobh leis an eaglais in ainneoin sholas geal na gréine. Tugann oibrithe cuairt ar an ngiolla eaglaise le dhá pholl a dhruileáil ar bhalla tosaigh na heaglaise, ach tar éis an chéad pholl theastaíonn sos toitín uathu go géar. Tá bean mheánaosta ag caint leis an ngiolla eaglaise, fear beag tiarnúil le cloigeann bearrtha. Tosaíonn an comhrá ag éirí teasaí, cuid i Seirbis agus cuid i mBéarla. “Meancóg mhór,” a chluinim an bhean a rá, agus “mosc”; tagann an giolla eaglaise ar ais le, “anseo a bhí an mosc! Anseo!” agus síneann sé a mhéar. Arbh fhéidir go raibh áit adhartha Ioslamach ann a leagan go gairid roimhe sin, a bhfuil an Eaglais Cheartchreidmheach seo ina háit anois?

Ag caifé faoin aer ordaím an chéad chaifé Turcach den aistear dom. Le cúl a chur ar an gcodladh agus mar comhartha dea-mhéine don Oirthear. Tá suíochán folamh ag tábla, in aice le fear atá ag léamh. Ní hamháin an leabhar os a chomhair amach a léiríonn nach dócha gur duine de mhuintir na háite é. Ordaíonn sé i mBéarla, íocann le boinn Sheirbiacha ó mhála aráin plaisteach, agus léann sé a leabhar faoi chlúdach bog faoi *Conversations with God* go díograiseach scrupallach.

San idirlinn, breacaim síos nótaí faoi mo thaisteal go dtí seo. Is cosúil gur fearr le mo chomharsan a bheith ag caint lena Dhia Nua-Aoiseach.

Niš → *Skopje*

Ní mian liom mo nasc go ‘Skoplje’ a chailleadh, agus sin an fáth go bhfuilim i mo sheasamh fiú níos faide ar thaobh bóthar gnóthach, ag fanacht le bus le moill 30 nóiméad. Díreach thiar ag an gcúl atá suíochán folamh, idir aghaidheanna doicheallacha le greim ar mhálaí ar a nglúine. Titeann néal orm tamall ón teas agus easpa codlata, ach nuair a thosaíonn an bóthar ag lúbadh go fiáin, tríd an *Grdelička klisura*, alt mór an Morava. Tá na Seirbiaigh freisin ag breathnú go díocasach amach ar an bhfuinneog. Tiomáinimid ar an mbóthar a bheidh sean roimh i bhfad agus lúbann na ráillí iarnróid linn suas na malaí coillteacha. Os ár gcionn is féidir na droichid arda sléibhe atá á dtógáil do mhórbhealach. Tá sé suntasach, an mórbhealach nua freisin.

I bhfad thíos feicim go tobann droichead iarnróid ag lonrú le leacht cuimhneacháin taobh leis. Caithfidh gur sin an áit ar bhuamáil ECAT droichead in 1999 a fhad is go raibh traen paisinéirí ag dul anonn. Ár gcogadh beag, glan na Cosaive in éadan Milošević. Is cuimhin liom an fuadar giodamach a bhí faoi na polaiteoirí Ísiltíreacha i gceo corcra chomhdhearcadh leathan liobrálach na nóchaidí, a chur é i láthair mar chogadh ceartaiseach le cogadh níos measa a sheachaint. Bhí mé sa chúigiú bliain de mo mheánoideachas agus de réir mar a bhí mo 17ú breithlá ag teacht fuair mé litir ón Roinn Cosanta, ag deimhniú dom cé nach raibh an coinscríobh curtha ar ceal go hiomlán go hoifigiúil, bhí sé ar fionraí don am i láthair.

Ní fada ina dhiaidh sin a léigh mé *All Quiet on the Western Front*, a mholtar d’ógánaigh shaonta d’aois ar bith. Sin deireadh mo staire le cogadh.

Glanann na stadanna le linn an aistir roinnt spáis ar an mbus. Sa bhaile beag Vranje tagann bean óg agus a hathair isteach. Bean théagartha atá inti, le gruaig dhubh agus beola péinteáilte dearg. Táim ag léamh leabhair i dteanga iasachta, agus féachaim san aghaidh uirthi nóiméad. Is dócha gur spreag seo í a bheith ag dréim le rud éigin. “Conas atá d’ainm?” a fhiafraíonn sí. Freagraím, cé go bhfuil tuirse orm, ní miste liom labhairt ar feadh seala. Insíonn sí a hainm dom agus coinníonn sí ag

breathnú orm. “Conas atá do dhara ainm?” a leanann sí ar aghaidh, agus: “Tusa – cairde ar Facebook?” Ise a chuireann na ceisteanna. “Is as Kumanovë,” a deir sí. Léiríonn chaoi a slogann sí an guta deiridh gur Macadóinach Albánach í. Tá a hathair taobh léi agus is léir nach dtuigeann sé focal den chomhrá. “An bhfuil tú pósta?” atá sí ag iarraidh a fháil amach. Táim ag tosú ag brath míchompordach, agus deirim nach bhfuil. Cuirim orm mo spéaclaí gréine agus iompaím uaithi. Go bródúil déanann sí neamhaird orm mar chúiteamh. Tugaim amach dom féin as a bheith ina leithéid d’asal go dtí go bhfaighimid a fhad le stáisiún bus Kumanovo.

Táimid tagtha gan amhras a fhad le Deisceart na Seirbia, mar is léir ó na moscanna sna sráidbhailte. Tá seo cóngarach do Bujanovac, cuid den tSeirbia ina bhfuil Albánaigh ina gcónaí. Díreach taobh amuigh den Chosaiv.

Is fíortheorainn í an teorainn leis an Mhacadóin, caithfidh gach duine a *pasoshi* a bheith réidh acu, an bus a fhágáil agus dul isteach sa bhothán custam Seirbiach, áit nach bhfaighim stampa imeachta. Ansin caithfidimid siúl a fhad le bothán custam na Macadóine leis an mbus inár ndiaidh. Cuirimid isteach ár *pasoshi* isteach chuig na hoifigigh chustam ansin agus ansin ar ais isteach sa bhus. Fanacht leo ár gcuid páipéar a thabhairt ar ais dúinn. Tuigim ó pháipéir mo chomharsan go bhfuil víosa ag teastáil ó Mhacadóinach na laethanta seo le fanacht níos faide sa tSlóivéin – ar ghnách léi a bheith sa tír chéanna. Is mise an duine deireanach a fhaighim mo chuid páipéar.

Tá sé ag éirí mall nuair a thiomáinimid isteach go Skopje/Shkup. Is cathair chúige í príomhchathair na Macadóine a leathnaigh soir agus siar. Tá sí dátheangach go hoifigiúil. Ag breathnú uirthi ó dhroichead gar don stáisiún, is iontach chomh cóngarach is atá an chathair nua mhíchluíteach, ag éirí suas os cionn bloc atá leagtha go talamh. Is míol mór d’fhoirgneamh stáisiún lárnach Skopje. Fiche bliain tar éis crith talún mór tharraing siad an bhrúid na céadta ciliméadar isteach sa tír lena chur a chodladh ar leaba de cholúin leathana. Tar éis na mblianta seo go léir tá taobh istigh den stáisiún traenach ag breathnú go bhfuil sé le críochnú fós.

Ar an 26 Iúil 1963 leag crith talún an chathair – go luath ar maidin, mar is dual chreathanna talún a dhéanamh go huafásach. Nuair a d’atóg siad Skopje ní raibh siad ag iarraidh é a atógáil mar a bhí, ach d’atóg ag úsáid útóipe mar threoirphlean; tharraing ailtire Seapánach an máistirphlean. Árasáin a bhí mar chuid de na comharsanachtaí nua, limistéir chónaithe a bhí mar chuid eile. I lár na cathrach bhí spás ann le haghaidh nua-aoiseachas sínte gan éirí in airde, le stráicí leathana glasa eatarthu. Do chathair a tógadh le linn deachtóireachta (cé gur deachtóireacht thuisceanach a bhí ann), bhí lár na cathrach daonlathach, nó cothromaíoch ar a laghad. Níor chríochnaigh na sráideanna ag leacht ollmhór, pálás nó ardeaglais, ach ag Cearnóg na Macadóine, spás oscailte. Bhí na foirgnimh phoiblí – an halla ceolchoirme, ionad siopadóireachta GTC – tógtha ag taobh na línte amhairc, i gcoincreít shínte gan éirí in airde. Ag an gcearnóg lárnach bhí an fócas ar cheann de na siombailí is úsáidí agus sine de Skopje: an *Kamen Most*, an droichead meánaoiseach lena phábháil chaite, mhín de ghaineamhchloch, an nasc idir an chathair atógtha agus an tseanchathair Thurcach.

Sna blianta deireanacha seo leagadh síos dhá dhroichead a bhí inchomórtais leis ag taobh na lámhe deis den droichead cloiche. Ní raibh an chruit mhaorga dromadaire nó an buí dorcha gaineamhlaigh ag na droichid seo. Tá múnlaí bána plaisteacha le deilbheacha plaisteacha ar dhath an chré-umha de rialtóirí Heilléanacha agus na hainmneacha is inghlactha as measc chanóin liteartha na Macadóine. Tá droichid gan daoine, mar gheall ar, cuid de, an trup ard géar ag teacht ó na cuaillí solais – leis na muiscítí a choinneáil ar shiúl go hoifigiúil, ach, is cosúil, le lucht agóide le buamaí péinte a choinneáil ar shiúl chomh maith.

Go fóill féin, shiúil mé liom taobh leis na codanna is deireanaí a cuireadh leis an limistéar nua, ach ní chuirfidh mé síos ar an ngáifeacht náisiúnaíoch agus a n-easpa tuisceana don chomhréir, mar ní thabharfaidh mé údar don choiriúlacht mar gheall ar a bheith ag déanamh iontais go saonta. Tá na foirgnimh is déanaí i Skopje de chuid Nikola Gruevski agus a chairde coiriúil – ní coiriúil ar bhealach iar-nua-aoiseach agus íorónta mar gheall ar a bheith míchuibhiúil, ach coiriúil go hoibiachtúil: Caimiléireacht leitheadach an dúshraith ar a bhfuil ‘Skopje 2014’ tógtha, fiacha déanta le haghaidh struchtúir nach gá agus le pócaí bhaill an pháirtí a líonadh, a fhad is go bhfuil áiseanna i gcodanna eile den tír ag titim as a chéile agus go gcaithfidh mná a bheith ag sclábhaíocht leo ar son miontuarastail sna muilte teicstíle

Ag cé abhainn an Vardar, mar a bhfuil báid gharbha a ligeann uisce isteach, deartha ag daoine nach bhfaca báid roimhe, ag bogadaíl, is féidir leat eachtrannaigh agus Macadónaigh shaibhre a fheiceáil, ag déanamh aithris ar na heachtrannaigh, ina suí taobh thiar de bhuidéil bheorach ghlasa. Seachnaím an ceo clasaiceach stánaithe agus téim anonn an Droichead Cloiche. Trí stiall bheag de mhearbhall briste suas agus stáiníní ag díol áilleagán le bratacha Macadónaigh agus Albánacha, siúlaim isteach in Čaršija. Tosaíonn an muaisín ag canadh ón minaret is ísle, ach tar éis loinnir dheireanach an chlapsholais imíonn sé as radharc. As a chéile tosaíonn na miontúir eile ag glacadh páirte sa cheol cóir seo. Sa tseanchomharsanacht tá tithe ísle, urlár amháin os cionn na siopaí. Tá bratacha glasa ar crochadh ó na miontúir is airde, tá Ramadan ann agus is é an Aoine é, tá daoine ag bailiú ag na moscanna, ach seasann siad siar den chuid is mó ag an tairseach. Titeann ciúnas cosúil leis an Domhnach ar shráideanna míne caite Shkup agus Üsküp; aimsím mo bhealach trasna an droichid i dtreo mo sheomra óstáin in Skopje, ionas gur féidir liom imeacht ar maidin.

Skopje → Bitola

Tháinig Mehmed V go Bitola ar thraein agus bhí mise ag beartú an rud céanna a dhéanamh. Bhí an dara sultán deireanach Otamánach díreach in am sular cailleadh a chuid cúigí, ach chaill mé mo thraein cé gur fhág mé go han-luath le haghaidh stáisiún Skopje. Le muinín aineolach téim go dtí oifig ticéad a ndeachaigh mé thart uirthi. Tá mé dírithe níos mó ar an mbeagáinín beag Macadóinise fhéinfhoghlamtha ná an áit ina bhfuilim, mar sin ceannaím go treallúsach ‘*edin bilet do Bitola*’ le haghaidh ‘*denes... prviot*’ (inniu, an chéad). Inniu suím síos ar bhinse le breathnú go grinn ar an gcéad ticéad a cheannaigh mé dom féin agus Macadóinise á húsáid agam. Breathnaím ar an am agus léim an méid atá scríofa ar an mbarr: Cheannaigh mé de mheancóg ticéad don chéad bhus eile go Bitola. Thart faoin am céanna imíonn an traen, a raibh mé ag iarraidh a bheith uirthi le mé a thabhairt go Monastir, ar na ráillí iarnróid go hard os mo chionn.

Mar sin sa deireadh téim ar bhus. Tar éis dom *burek* a ithe den chéad uair riamh, le spionáiste, agus gur tairgeadh gloine de *boza* géar le súilíní dom, téim go dtí an stáisiún busanna. Seiceálann siad do chuid ticéad sula gceadaítear duit dul ar an ardán, tá gach suíochán in áirithe. Tá an bhean in aice liom ag fútráil lena mála, scáthán agus guthán. Imíonn an bus trí na fo-bhailte ar bhóthar darb ainm ‘Mótarbhealach Alexandre le Grand’. Arís tá alt ann le habhainn agus coillte ar na bruacha, ansin suas le radharc ar Veles atá ina luí faoi chiseal dusta ar dhath dearg an ócáir. Caithfidh an trácht malltriallach dul anonn droichead cúng anseo, rud a mhíníonn an seanainm Turcach a bhí air, Köprülü, ‘ag an droichead’. Bheadh an caolas tráchta sa nuacht idirnáisiúnta sé mhí níos faide anonn mar gheall ar na seomraí cúil lán ógánach nach raibh aon obair eile acu ag cló scríobh nuacht bhréagach le tionchar a imirt ar thoghcháin Mheiriceá. B’fhéidir go mbreathnaíonn sin cineál brónach dúinne, ach dar lena lán de mhuintir na Macadóine ba laochra iad, ag troid ar son ... ar son

rud éigin, ní fios d'éinne céard é féin.

Tar éis Veles tá dath níos éadroime donn ar an talamh cnocach. Fíonchaora, crainn torthaí agus fir ar dhath tobac a thiomáineann tarracóirí ag tarraingt leantóirí lán péitseoga. Ag bialann bheag in Kamen Dol stadann an bus le haghaidh sos lóin. Trasna an phasáiste uaim tá seanlanúin ina suí a bhfuil Béarla acu. Tá crosfhocail acu: is as an Astráil iad, ag taisteal trí na balcáin, a fhaighim amach nuair a thosaímid ag caint taobh leis an mbus. Tar éis an stad seo téann an bóthar suas an sliabh. Garbh carraigeach, thart ar iarsmaí lonnaíochtaí, casann an bóthar go mall leis an spéir mar chiumhais aige. Thart timpeall tá an taobh tíre lom, carraigeach doicheallach, amhail is nach bhfuilimid ag tiomáint thar bhearnas ach ag briseadh trí dhroim an tsléibhe.

Go tobann osclaíonn ballaí an tsléibhe; tá learga glasa le feiceáil, i bhfad ar shiúl tá cathair mar a bheadh ósais terracotta ann le meallta carraige taobh thiar di. *Toa e... grad... e Prilep?*, a fhiafraím de mo chomharsa ag a bhfuil gruaig ar dhath an airgid, ag baint trialach as an Mhacadóinis arís. Tar éis a bheith ag caint go stadach ag an tús, éiríonn go réasúnta liom: Is féidir liom a rá go bhfuilim ag taisteal go Bitola ... *za kulturen proekt ...* agus fiú *jas sum Friziski pisatel od Holandija* (is scríbhneoir Freaslainnise mé ón Ísealtír).

Tar éis na sléibhte crochta tá tír nua ann. Tá ardchlár leathan Pelagóine ina luí idir sléibhte mantacha, atá donn agus tirim sa samhradh. Chuirfeadh sé mearbhall ort a laghad a bhí ar eolas ag an saol mór taobh amuigh de na Balcáin faoi leagan amach dhroimeanna sléibhe agus ghleannta Mhacadóine agus na hAlbáine ar feadh na gcéadta bliain. Ar muir, ar ndóigh, a théadh daoine ag taisteal timpeall oirdheisceart na hEorpa. Ní go dtí 1859 a thug an scoláire Gearmánach Johann Georg von Hahn, le tacaíocht ó fhóirdheontais ón Ostair, faoi thuras chun na sléibhte, na n-aibhneacha agus na n-áiteanna scíthe le léarscáil níos cruinne a dhéanamh díobh. Tá a dhialanna lán iontais rialaithe. Ach ba é an cuspóir deiridh a bhí ag Vohn Hahn an bealach is fearr a aimsiú le haghaidh iarnróid ón Vín go Cathair Chonstaintín, trí Bhéalgrád agus Salonica. I bhfolach sna sléibhte ní bheadh Prilep agus Monastir ina bpointí stad ar feadh an phríomhbhealaigh.

Leanaim ar aghaidh le mo chomhrá le mo chomharsa i mBéarla, ag insint di faoin chineál turas liteartha a bhfuil mé air. Is síceolaí í, comhalta boird d'eagraíocht Mhacadónach Thurcach in Bitola. Labhraímid faoi fhocail Thurcacha ar iasacht sa Mhacadóinis.

Nuair a théimid amach as an gcathair tá an tír lom. Níl sí glas arís agus níl sráidbhailte ann go dtí bun an chéad sliabh eile. Tuigim conas a mhair daoine anseo sa seanma, brúite in éadan na sléibhte. Sa taobh tíre cothrom feicim ba, tréad beag nach bhfuil ach fiche beithíoch ann, le haoire ina measc le maide crochta thar a ghualainn. Tá an chuid is teo den lá ag teacht. Caithfidh aoire an bheagáin bó seo dul amach sna páirceanna gach lá, i gcónaí ar shiúl ón tsibhialtacht – is féidir cur i gcéill an pharthais thréadaigh a fheiceáil go soiléir. Tá daoine ag imeacht ar shiúl ón tuath, tá na comharchorparáidí briste suas, agus tá limistéir talún feirmeoireachta ag tiontú ina limistéir lustain. Tá na scileanna feirmeoireachta teicniúla ag dul i léig chomh maith, cé go bhfuil 18% den phobal beo ar an talmhaíocht. Tamall de sheachtainí ina dhiaidh sin tá mé ag ó dí le roinnt Macadónach atá ar m'aithne i gcaifé faoi spéir in Bitola, mar a gcaitheann Astrálaigh agus muintir na cathrach an lá ag ól caife, agus roinnim mo thuairimí agus m'anailís ar an bhféidearthacht a bhaineann le feirmeoireacht ar scála mór – agus braithim coilíníoch ag borradh ionam, tiarna talún amach anseo.

An chathair! Faoi phirimid liathghlas Bheann Pelister atá le feiceáil go hard éiríonn an bóthar níos leithne ach níos measa, le tithe agus siopaí lena thaobhanna. Ach as cúinne clé mo shúile braithim bagairt ionad fuinnimh REK amuigh ansin ar an machaire, cóngarach do mhianach ifreanda ligníte,

gona shimpléir ailse gan scaga súiche.

Bitola

Tá an chathair mar a bheadh oileán ann. Coinníonn Bitola greim ar a áitritheoirí i gciliméadar fada cearnógach phríomhshráid Širok Sokak agus an phromanáid i dtreo an chnoic Tumbe Kafe. Anseo is féidir leat suí taobh le taobh agus breathnú ar dhaoine ag siúl thar bráid, beoir agus caife a ól, agus cáis the nó diasa arbhair bácáilte a ithe. Tráthnónta samhraidh bíonn an saol mór agus a mháthair sa chathair ag siúl suas síos an t-aon sráid sin amháin.

Is ionann an chathair na seantithe móra, scaipthe tríd an lár agus mórthimpeall, amhail is gur eascair siad as an gcre sula raibh na sráideanna ann, iad ag lúbadh idir a ngarraithe. Ar chéanna maorga an Dragor, mar a scríobh Von Hahn tar éis a chéad chuairte, “tá sraith fhada de thithe móra ag síneadh amach, mar a bhfuil an iomad tiarnaí míleata airm Otamánacha, ardoifigeach agus státseirbhíseach sinsearach eile ina gcónaí.

Tá stíl tógála na dtithe sin ina meascán aisteach den Oirthear agus den Iarthar a thugann cuma ghrástúil dóibh, agus nuair nach bhfuil dathanna na maisiúchán ar a n-aghaidheanna ró gheall tá siad tarraingteach go leor. Ach seachas an chomharsanacht seo, tháingamar i gcodanna eile den chathair ar thithe nua agus aghaidheanna tithe plástráilte go húr, níos mó ná in aon chathair eile ar thaistealaíomar tríothu go dtí sin, agus i gcomparáid leo tá Bitola cosúil le pálás prionsa.”

Tá na tithe cearnógach ar nós na Meánmhara. Cathair na sean-mheánaicme Ioslamaí agus Vlach is ea í, ón am a raibh bláth ar an gcathair, mar lárionad riaracháin ach, go deimhin, mar gheall ar ghnó an tobac freisin. Tá cuid de na tithe athnuaite i ndathanna pastail, tá cuid eile ag maireachtáil leo ag dul chun siobarnaí go huasal maorga. A fhad is go bhfuil na tithe seo ann fós, idir drochbhail na n-árasán cummanach, thithe móra nua-thógtha aoldaithe agus bhotháin atá tite as a chéile, tá todhchaí fós ag Bitola.

Breathnaím ar an gcathair, a fhad is go socraím síos idir doirse oscailte caifé idir ardeaglais Sveti Dimitrija agus seanmhosc Jeni Džamija, mo leabhar nótaí oscailte romham ar an tábla. Táim ag breathnú ar an gcloigtheach agus ar an leacht do ‘Chás’ 2001.

Agus mé ag scríobh téann saol fadálach na cathrach thar bráid, an chaoi a n-oibríonn an saol de ghnáth anseo. Léim an chathair mar a bheadh leabhar ann i dteanga nach dtuigim go hiomlán fós. Tá dhá dhéagóir ag dul ar rothar ar an gcosán agus gearrann siad comhartha na croise orthu féin ag an eaglais. Tagann sagart marógach amach as veain, a eireaball gruaige fliuch, agus casóg sagairt sheanchaite air. Ordaíonn sé frappe; suíonn bean óg taobh leis le cupán caife. Brúnn cailín óg máithriúil Romach a bhfuil slipéir uirthi naíchóiste ina bhfuil dhá thachrán roimpi. Sa pháirc taobh leis an gcloigtheach tá buachaill Moslamach ag ligean air féin gur prionsa beag carnabhail é lena mháthair agus athair. Cruinníonn teaghlaigh atá gléasta go slachtmhar i sála arda le chéile le dul chun na heaglaise. Tá buíon de thrí ghiofóg aosta ag tarraingt na gcos le grúpa daoine, ag séideadh nótaí fánacha tuirseacha óna sacsafón, clairinéad agus foireann drumáí. Dá dtabharfadh duine éigin airgead dóibh sheinnfeadh siad, gan amhras, i bhfad níos díograisí.

Idir na seantithe, céim ar gcúl, atá ‘Leabharlann Institiúid Ollscoil Náisiúnta Naomh Cléimeans Ohrid’, árasán umhal a bhfuil céimeanna fada coincreíte a dul chuig an mbealach isteach. Is cathair í Bitola, a d’oibrigh mé amach tar éis cúpla lá, gan aon fhíorshiopa leabhar. Méadaíonn mo thnúthán le haghaidh leabhar as cuimse mar gheall air seo, ach an chéad chúpla lá faighim an leabharlann i

gcónaí dúnta. Le mo threoraí Marija mar ateangaire éiríonn liom dul isteach sa leabharlann lá breá amháin. Ag an *šalter* (deasc tosaigh), dún gloine, mínimid cén fáth ar mhaith liom a bheith i mo bhall. Caithfidh mé conradh a shíniú ina bhfuil na rialacha agus na rialúcháin. Lena fháil amach an bhfuil na leabhair acu atá á lorg agam, cuireann siad sinn go doras a bhfuil ‘Eolas’ scríofa os a chionn.

I seomra beag tá fear ina shuí, timpeall tríocha bliain d’aois agus gruaig ghairid dhonn aige, taobh thiar de ríomhaire. Tá ballaí na hoifige clúdaithe le hadhmad. Taobh thiar de tá pictiúr péinteáilte de bhabhla torthaí; tá greamán le lógó an pháirtí atá in gcumhacht, VMRO, curtha isteach i bhfráma an phictiúir. Fanaimid san oifig ar tholga déanta de leathar bréagach. Caithfidh an saineolaí eolais glao a chríochnú ar dtús, agus tuigim go mbaineann sé leis an ospidéal. Ina dhiaidh sin lorgaíonn sé teidil na leabhar atá uaim i gcatalóg ar líne agus scríobhann sé síos a gcóid ar pháipéir. Ansin iarrann sé orainn dul taobh thiar dá dheasc, ionas gur féidir leis a mhíniú conas a oibríonn an leabharlann. Is cosúil gur féidir leat an chatalóg ar líne a bhrabhsáil go díreach agus ar na ríomhairí atá ar fáil sa halla, agus sa deireadh tá sé go léir furasta go leor.

Ar ais go dtí an *šalter*. Féadaimid dul síos staighre, go dtí stór na leabhar. Tagann an *magaziner* amach as a oifig fothalaimh. Diúlach ard, aosta, a bhfuil gruaig gheal aige, muineál ealaíonta fada, agus croiméal, spéaclaí copair buí, agus léine le dathanna miotallacha ag sreabhadh go saor. Dar liom go mbreathnaíonn sé cosúil le file véarsaí caoine grá, nó scríbhneoir ranna do pháistí. Tugann sé trí na leabhragáin sinn, a líonta le leabhair smolchaite i Macadóinis agus i Seirbea-Chróitis, leabhair chaite faoi chlúdach bog a d’fhulaing blianta fada d’úsáid mar leabhair staidéir nach raibh gean ag daoine orthu.

Tógaimid carn deas leabhar linn suas staighre, isteach i solas na gréine. Roinn díolama déanta le haghaidh úsáid scoileanna, ag tosú le bailéid tíre ón naoú haois déag faoi, creidim, ropairí gaisciúla atá i bhfolach sna sléibhte agus faoi chailíní Críostaí atá i mbaol críochnú suas i háram tiarna Otamánaigh éigin. An t-aon leabhar a d’éiligh mé féin a ghlacadh ar iasacht ba é, dar le mo hipitéis, ba thús le teangeolaíocht agus litríocht na Macadóinise: an graiméar normatach ó na 1950aidí leis an bhfocleolaí, feidhmeannach agus file, Blaže Koneski.

Os cionn talún caithfidh mé mo ghrianghraf a fháil tógtha le haghaidh mo chárta leabharlainne i dtolglann an phóirtéara. Is maith leis an ngrianghrafadóir gur *stranski* (eachtrannach) mé. Tá gaolta aigesean chomh maith thart timpeall an domhain, agus sa deireadh tugann sé an áit arbh as dá sheantuismitheoirí agus na tíortha ina bhfuil col ceathracha dá chuid ag maireachtáil. Is linne le chéile an domhan, nó (mar a deir an nath Macadóinise) ‘tá daoine agus neamhdhaoine ann’. Faighim mo chárta go gasta, le m’ainm sa tras-scríobh agus sa litriú a mhol mé féin: Андре Рулоф Ложенга – le *j* roimh an *e*, a chuireann go sotalach i gcoinne rialacha gramadaí Koneski, ach, tá sé brónach a rá, i gcoinne freisin iomas teangeolaíoch ghnáthmhuintir na Macadóine.

An tráthnóna sin tugaim cuairt ar an leabharlann arís. Ón gcatalóg faighim amach gur féidir liom foclóirí Macadóinise-Béarla a rinneadh le déanaí a ghlacadh ar iasacht chomh maith. Cuirtear mo pháipéir le cóid leabhar agus teidil san ardaitheoir leabhar, agus tagann mo chuid leabhar aníos go luath.

Tá sé ciúin sa leabharlann. Uair a chloig roimh am dúnta tá an *magaziner*, gona dhlaioithe geala gruaige, agus an *portir* ina suí ar an tolg sa halla. Is mian leis an *magaziner* an seomra léitheoireachta a thaispeáint dom. Ar an gceathrú hurlár tá dhá sheomra ina bhfuil táblaí, taobh thiar

de ghloine. Lom, gan leabhragáin, ach le radharc ar an gcathair. Labhraímid go mall cúramach. Glaonn an *portir* amach ar a chomhghleacaí: “Labhair Macadóinis leis go díreach, nó ní fhoghlaiméoidh sé choíche!”

Tógaim le leabhair liom go dtí mo sheomra, cuirim síos ar an tábla iad agus fágaim mo chuid staidéir ansin don am i láthair. Tá coinne agam ar ball leis na daoine atá do m’óstáil. Meallann an oíche chaoin, tá an chathair do mo tharraingt lena sráideanna a fhiosrú. Siúlaim trí shráideanna ina mbíodh *pazar* beoga, comharsanacht bheag a athbhaisteadh ‘Búlbhard an 1 Bealtaine’, ag síneadh i dtreo an oirthir taobh leis an Dragor. Tá ciseal de dhusta ar dhath na séipia ar na ballaí atá ag titim as a chéile agus na taispeántais dhearmadta, a séideadh isteach ó mhachaire na Pelagóine. Tá babhla bearrtha stáin, díreach cosúil le clogad Don Quichote, ar crochadh os cionn doras siopa bearbóra, mar a bhfuil bearbóir atá ar a laghad ceithre bliana agus ochtú d’aois ag obair go fústrach idir scátháin ghruama agus i mboladh milis cologne agus pomade. Tá fiú na crainn ar feadh na cé liath a fhad is a luíonn an ghrian go dtí clapsholas. Cluinim fead géar, a fheadann go treallúsach arís agus arís, ag éirí níos glóraí agus ag tarraingt cóngarach. An traein atá ann! Ar an taobh eile den chrosaire comhréidh gan bhacainn gluaiseann sí go spadánta go Monastir, a ceann scríbe. Taobh thiar de limistéar cónaithe an oirthir tá sí ag gliogarnach agus ag feadaíl léi, agus tiontaím go sráideanna casta eile ar ais go dtí an t-acomhal ag an Širok Sokak, áit ar shocraigh mé coinne. Tá mé tagtha go Bitola.